Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1236

25.6.2026

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 103/2026

## an 20 Márta 2026

## lena leasaítear Iarscríbhinn XVI (Soláthar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/1236]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2487 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2025 lena leasaítear Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i leith na dtairseach le haghaidh conarthaí soláthair, conarthaí seirbhíse agus conarthaí oibreacha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 5c (Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32025 R 2487**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2487 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2025 (IO L, 2025/2487, 4.12.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2487 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 21 Márta 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 2025/2487, 4.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2487/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.